C/2024/2382

27.3.2024

Nótaí míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2024/2382)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

ar leathanach 376,

cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2 de na Nótaí míniúcháin a ghabhann le ceannteideal 8703:

‘2. De chineál veain:

An fheithicil de chineál veain ina bhfuil níos mó ná sraith suíochán amháin, ní mór di na tásca a thugtar i Nóta Míniúcháin CC a ghabhann le ceannteideal 8703 a chomhlíonadh.

Tá feithiclí den sórt sin le haicmiú faoi cheannteideal 8704, áfach, más faide ná 50 % d’fhad rothfhad na feithicle uasfhad inmheánach urlár an limistéir le haghaidh iompar na n-earraí, nó má tá níos mó ná dhá acastóir ag na feithiclí.

Maidir le feithiclí de chineál veain, ina bhfuil sraith amháin suíochán, agus nach bhfuil pointí seasta buana ná feistis bhuana iontu chun suíocháin agus trealamh sábháilteachta a shuiteáil i gcúl na bhfeithiclí, bíodh painéal buan nó bacainn bhuan iontu idir an limistéar le haghaidh daoine agus an limistéar luchtaithe nó na fuinneoga sna taobhphainéil nó ná bíodh, tá na feithicilí sin le haicmiú faoi cheannteideal 8704.’.

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.